2024/1722

19.6.2024

MOLADH (AE) 2024/1722 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Meitheamh 2024

lena leagtar síos treoirlínte maidir le léirmhíniú Airteagal 4 de Threoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus rannchuidithe náisiúnta

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) tugadh isteach ceanglas maidir le coigilteas fuinnimh 32,5 % ar a laghad ar leibhéal an Aontais a bhaint amach faoi 2030.

(2) Glacadh Treoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) an 13 Meán Fómhair 2023. Rinneadh Treoir 2012/27/AE a athmhúnlú léi, agus cuid dá forálacha a choinneáil gan athrú agus, an tráth céanna, ceanglais nua a thabhairt isteach. Go háirithe, ardaíodh go mór léi an leibhéal uaillmhéine le haghaidh 2030 i dtéarmaí éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear maidir le spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh 2030 an Aontais agus rannchuidithe náisiúnta.

(3) Leagtar síos i dTreoir (AE) 2023/1791 sprioc go ndéanfaidh an tAontas 11,7 % níos lú fuinnimh ar a laghad a thomhailt faoi 2030 i gcomparáid leis an úsáid fuinnimh réamh-mheasta le haghaidh 2030 bunaithe ar Chás Tagartha AE 2020, arb é 1 124 Mtoe i gcás tomhaltas fuinnimh phríomhúil agus 864 Mtoe i gcás tomhaltas fuinnimh deiridh. Is éard atá i gceist leis sin sprioc tháscach maidir le tomhaltas fuinnimh phríomhúil de 992,5 milliúin tona de choibhéis ola (Mtoe) agus sprioc cheangailteach maidir le tomhaltas fuinnimh deiridh de 763 Mtoe ar leibhéal an Aontais faoi 2030.

(4) Ionas go mbainfidh an tAontas an sprioc dheiridh amach faoi 2030, ba cheart do gach Ballstát fógra a thabhairt faoi sprioc náisiúnta tháscach dá thomhaltas fuinnimh deiridh 2030, mar aon le conair tháscach chun í a bhaint amach, mar chuid dá Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide faoi mhí an Mheithimh 2024.

(5) Le Treoir (AE) 2023/1791 tugtar isteach foirmle in Iarscríbhinn I a ghabhann léi chun na rannchuidithe náisiúnta táscacha a ríomh i gcás na mBallstát ar fad, i gcás tomhaltas fuinnimh phríomhúil agus tomhaltas fuinnimh deiridh araon. Cuirtear san áireamh san fhoirmle iarrachtaí luatha, rachmas, déine fuinnimh agus acmhainneacht coigiltis fuinnimh an Bhallstáit.

(6) Fágann Treoir (AE) 2023/1791 go bhfuil solúbthacht iomlán ag na Ballstáit maidir leis an gcaoi a ríomhtar an rannchuidiú náisiúnta. Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Threoir (AE) 2023/1791, tá siad le háirithiú nach mbeidh a rannchuidiú náisiúnta in Mtoe níos mó ná 2,5 % os cionn an mhéid a bheadh ann de thoradh na foirmle in Iarscríbhinn I. Mar sin féin, tá na Ballstáit le tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a ndearna siad an sprioc sin a ríomh agus ar na sonraí a úsáideadh chun sin a dhéanamh.

(7) Chun baint amach spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh 2030 an Aontais a áirithiú, le Treoir (AE) 2023/1791 neartaítear na sásraí rialachais a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Le Treoir (AE) 2023/1791, tugtar isteach sásra um bearna uaillmhéine le haghaidh na sprice maidir le tomhaltas fuinnimh deiridh a thionscnófar i gcás nach gcomhlíonann suim na spriocanna a dtugann na Ballstáit fógra ina leith sprioc cheangailteach an Aontais. Ar deireadh, tugtar isteach léi sásra líonta bearna a úsáidfear chun iarraidh ar na Ballstáit bearta nua a dhearadh agus fógra a thabhairt fúthu má imíonn siad óna gconair i dtreo a sprioc tomhaltais fuinnimh deiridh le haghaidh 2030.

([1]) Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoracha 2009/125/CE agus 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2004/8/CE agus 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2012/27/oj).

([2]) Treoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 (athmhúnlú) (IO L 231, 20.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/1791/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1999/oj).

(8) Ní chuireann tabhairt isteach na foirmle d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791 agus na sásraí rialachais teorainn le solúbthacht na mBallstát cinneadh a dhéanamh maidir leis na spriocanna a shocróidís nó conas a bhainfidís amach iad. Mar sin féin, leis na sásraí áirithítear go ndéanfaidh na Ballstáit ar fad a gcion féin iarrachta chun sprioc cheangailteach chomhchoiteann an Aontais maidir le tomhaltas fuinnimh deiridh a bhaint amach, agus a mhéid is féidir an sprioc tháscach chomhchoiteann ar leibhéal an Aontais maidir le tomhaltas fuinnimh.

(9) Tá lánrogha ag na Ballstáit maidir leis an mbealach is fearr a oireann dá gcúinsí náisiúnta chun na ceanglais maidir le seirbhísí fuinnimh a thrasuí agus a chun chun feidhme. Sa chomhthéacs sin, bheadh sé inmholta forálacha ábhartha Threoir (AE) 2023/1791 a léirmhíniú ar bhealach comhsheasmhach a rannchuideodh le tuiscint chomhleanúnach ar Threoir (AE) 2023/1791 ó Bhallstát go chéile agus iad ag ullmhú a mbeart trasuite.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Ba cheart do na Ballstáit na treoirlínte léirmhínitheacha atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo a leanúint agus Airteagal 4 de Threoir (AE) 2023/1791 á thrasuí ina ndlí náisiúnta.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Kadri SIMSON
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

1. **RÉAMHRÁ**

Leis na treoirlínte seo tugtar treoir do na Ballstáit maidir le conas Airteagal 4 de Threoir (AE) 2023/1791 a léirmhíniú agus é á thrasuí ina reachtaíocht náisiúnta.

I gcomparáid le Treoir 2021/27/AE, tugtar isteach roinnt forálacha nua i dTreoir (AE) 2023/1791:

— foirmle (Airteagal 4(2)), is féidir a úsáid chun an rannchuidiú náisiúnta táscach (Iarscríbhinn I) a shocrú. Níor cheart diall níos mó ná 2,5 % a bheith sna rannchuidithe náisiúnta i gcomparáid le toradh na foirmle sin;

— bonnlíne nuashonraithe (Airteagal 4(1)) bunaithe ar Chás Tagartha 2020;

— sásra um bearna uaillmhéine (Airteagal 4(5)), atá le húsáid i gcás nach comhionann suim rannchuidithe náisiúnta na mBallstát ar fad agus sprioc an Aontais maidir le tomhaltas fuinnimh deiridh (FEC);

— sásra um dhúnadh bearna seachadta (Airteagal 4(6)), a chuirfear i bhfeidhm mura bhfuil dul chun cinn leordhóthanach déanta i dtreo na rannchuidithe éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach;

— sainmhíniú nua ar FEC (Airteagal 2(6)) atá ailínithe le modheolaíocht nua Eurostat chun FEC a ríomh ach lena gcoinnítear an raon feidhme a bhí ann roimhe sin, raon feidhme lena n-eisiatar fuinneamh comhthimpeallachta agus lena n-áirítear an tomhaltas fuinnimh san eitlíocht idirnáisiúnta.

Mar sin féin, baineann an léirmhíniú ceangailteach ar reachtaíocht an Aontais le hinniúlacht eisiach Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

2. **COMHTHÉACS DLÍTHIÚIL AGUS BEARTAIS**

Trí sprioc cheangailteach fhoriomlán an Aontais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a leagan síos, tá Airteagal 4 de Threoir (AE) 2023/1791 dlúthnasctha le hAirteagail eile i dTreoir (AE) 2023/1791 a rannchuidíonn leis an sprioc sin.

Sa bhreis air sin, cuireann Airteagal 4 de Threoir (AE) 2023/1791 le Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) maidir leis an méid seo a leanas:

— na dréachtphleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide (PNFA);

— nuashonrú ar an PNFA comhtháite;

— na tuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn;

— measúnú ar an dul chun cinn ar chuspóirí, spriocanna agus rannchuidithe náisiúnta a bhaint amach.

Ar deireadh, is é Rialachán (CE) 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) maidir le staidreamh i dtaca le fuinneamh is bonn do thuairisciú bliantúil PEC agus FEC

3. **NA PRÍOMHTHÉARMAÍ A ÚSÁIDTEAR SNA TREOIRLÍNTE SEO**

Is iad seo a leanas na príomhthéarmaí is ábhartha i gcomhthéacs raon feidhme na n-oibleagáidí faoi Airteagal 4 a léirmhíniú.

Tomhaltas fuinnimh phríomhúil

Sainmhínítear ‘tomhaltas fuinnimh phríomhúil’ nó ‘PEC’ in Airteagal 2, pointe (5) de Threoir (AE) 2023/1791 mar mhéid comhlán an fhuinnimh atá ar fáil, gan buncair mhuirí idirnáisiúnta, tomhaltas deiridh neamhfhuinnimh agus fuinneamh comhthimpeallachta a chur san áireamh.

([1]) Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2018/1999/oj?locale=ga).

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 maidir le staidreamh i dtaca le fuinneamh (IO L 304, 14.11.2008, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2008/1099/oj?locale=ga).

Tomhaltas fuinnimh deiridh

Sainmhínítear ‘tomhaltas fuinnimh deiridh’ nó ‘FEC’ in Airteagal 2, pointe (6) de Threoir (AE) 2023/1791 mar an fuinneamh ar fad a sholáthraítear don earnáil tionsclaíochta, don iompar, lena n-áirítear tomhaltas fuinnimh san eitlíocht idirnáisiúnta, do theaghlaigh, do sheirbhísí poiblí agus príobháideacha, don talmhaíocht, don fhoraoiseacht, don iascaireacht agus d’earnálacha críochúsáide eile, seachas tomhaltas fuinnimh i mbuncair mhuirí idirnáisiúnta, fuinneamh comhthimpeallachta agus seachadtaí chuig earnáil an chlaochlaithe agus chuig earnáil an fhuinnimh, agus caillteanais i ngeall ar tharchur agus ar dháileadh mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008.

Fuinneamh comhthimpeallachta

Sainmhínítear ‘fuinneamh comhthimpeallachta’ in Airteagal 2, pointe (7) de Threoir (AE) 2023/1791 mar fhuinneamh comhthimpeallachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Threoir (AE) 2018/2001.

Éifeachtúlacht fuinnimh

Sainmhínítear ‘éifeachtúlacht fuinnimh’ in Airteagal 2, pointe (8) de Threoir (AE) 2023/1791 mar an cóimheas idir an t-aschur feidhmíochta, seirbhíse, earraí nó fuinnimh, agus an t-ionchur fuinnimh;

Coigilteas fuinnimh

Sainmhínítear ‘coigilteas fuinnimh’ in Airteagal 2, pointe (9) de Threoir (AE) 2023/1791 mar mhéid fuinnimh a coiglíodh arna chinneadh trí thomhaltas fuinnimh a thomhas nó a mheas, nó tríd an dá rud a dhéanamh, sula gcuirtear beart feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh chun feidhme agus ina dhiaidh sin, agus normalú á áirithiú an tráth céanna i gcás dálaí seachtracha a dhéanann difear don tomhaltas fuinnimh.

Feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh


Sainmhínítear ‘feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh’ in Airteagal 2, pointe (10) de Threoir (AE) 2023/1791 mar mhéadú ar éifeachtúlacht fuinnimh mar thoradh ar aon athruithe teicneolaíocha, iompraíochta nó eacnamaíocha.

4. **OIBLEAGÁIDÍ A BHAINEANN LE hAIRTEAGAL 4**

In Airteagal 4 tugtar tuairisc ar ord agus amlíne na gcéimeanna a dhéanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún chun na rannchuidithe náisiúnta táscacha a shocrú. Tugtar tuairisc orthu sin i bhFigiúr1.

Figiúir 1

Amlíne Airteagal 4 ([3])



4.1. **Na rannchuidithe náisiúnta a shocrú agus a fhógairt**

4.1.1. *Spriocanna a shocrú in Airteagal 4*

I gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Threoir (AE) 2023/1791, tá gach Ballstát le rannchuidiú náisiúnta táscach um FEC a shocrú agus fógra a thabhairt ina leith mar aon le conair tháscach chun é a bhaint amach mar chuid dá dhréacht-Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (nuashonraithe) (agus sprioc-am maidir le cur isteach an 30 Meitheamh 2023 ann). Ina theannta sin, ba cheart dóibh iarrachtaí a dhéanamh chun rannchuidiú le sprioc tháscach PEC an Aontais. Chuige sin, ba cheart dóibh fógra a thabhairt faoi rannchuidiú náisiúnta le haghaidh PEC in éineacht le conair tháscach chun é a bhaint amach (bhí an deis is déanaí ina ndréacht-PNFA nuashonraithe).

Le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2023/1791 soláthraítear liosta tosca agus cúinsí náisiúnta is féidir leis na Ballstáit a úsáid chun a rannchuidithe a ríomh. Go háirithe, léirítear na tosca in Airteagal 4(3), pointe (d), san fhoirmle a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791 agus a mhínítear go mionsonraithe i Roinn 4.1.2 den Iarscríbhinn seo.

I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Threoir (AE) 2023/1791, agus a rannchuidiú náisiúnta táscach éifeachtúlachta fuinnimh um FEC á shocrú ag gach Ballstát, ní mór dó a áirithiú nach bhfuil a rannchuidiú in Mtoe níos mó ná 2,5 % os cionn an mhéid a bheadh ann de thoradh na foirmle a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791. Mar shampla, má léirítear leis an bhfoirmle in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin gur cheart gur 10 Mtoe (dearbhleibhéal FEC in 2030) a bheadh sa rannchuidiú náisiúnta táscach éifeachtúlachta fuinnimh um FEC in 2030 le haghaidh Ballstát, ní mór don Bhallstát fógra a thabhairt faoi luach atá faoi bhun 10,25 Mtoe.

([3]) Cuireadh i gcrích na céimeanna ar fad a liostaítear san amlíne go dtí mí an Mhárta 2024.

Ar deireadh, ní mór do na Ballstáit sciar an tomhaltais fuinnimh phríomhúil agus an tomhaltais fuinnimh deiridh a sholáthar i gcás na n-earnálacha éagsúla críochúsáide fuinnimh, mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008. Is é an cuspóir atá ann na réamh-mheastacháin le haghaidh gach earnála a bhailiú, ar bhealach comhsheasmhach, faoi 2030 agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhforbróidh an tomhaltas fuinnimh in earnálacha éagsúla. Áirítear leis na hearnálacha sin, ar a laghad, earnáil na tionsclaíochta, na cónaitheachta, na seirbhísí agus an iompair.

Ní mór do na Ballstáit freisin a réamh-mheastacháin faoi 2030 a léiriú maidir le tomhaltas fuinnimh iomlán earnáil TFC.

4.1.2. *Foirmle Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791*

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791 leagtar amach foirmle ilfhactóra ina n-áirítear na fachtóirí ar fad a liostaítear in Airteagal 4(3), pointí (d) agus (e), de Threoir (AE) 2023/1791. Is é is aidhm don fhoirmle é a chur ar a gcumas do na Ballstáit a rannchuidithe le sprioc an Aontais a chinneadh ar bhealach cothrom agus indéanta.

Cuirtear san áireamh ceithre fhachtóir lena ndéantar difear d'iarrachtaí éifeachtúlachta fuinnimh. Tá an t-ualú céanna ag gach fachtóir i ríomh na rannchuidithe náisiúnta:

— **Fachtóir luathghníomhaíochta**: leis an bhfachtóir seo tomhaistear an dul chun cinn ar an meán sna leibhéil tomhaltais fuinnimh stairiúla, i gcoibhneas le meán an Aontais, idir na tréimhsí 2007-2009 agus 2017-2019. Déantar an fachtóir luathghníomhaíochta a ríomh trí dhá mhéadrach a iolrú:

  — méid an choigiltis fuinnimh sa dá thréimhse; agus

  — na feabhsuithe ar an déine fuinnimh ([4]) a bhain gach Ballstát amach le linn na dtréimhsí céanna.

  Is é is cúis le dhá mhéadrach a úsáid an coigilteas fuinnimh a bhaintear amach a thomhas ar bhealach níos fearr mar gheall ar ghníomhaíocht a bhaineann le fuinneamh seachas ar chúiseanna eile (e.g. cúlú eacnamaíoch), agus gan pionós a ghearradh ar na Ballstáit sin a mhéadaigh a dtomhaltas fuinnimh mar gheall ar threochtaí láidre fáis eacnamaíoch. Tá an fachtóir luathghníomhaíochta ina thoradh ar an dá mhéadrach agus níor cheart go ndéanfaí ceann amháin a chealú ná a aimpliú de bharr an chinn eile. Cuirtear teorainn uasta leis an dá mhéadrach sin ag 50 % agus 100 % de mheán an Aontais. Ansin, de bhun Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791, cuirtear teorainn uasta leis an bhfachtóir luathghíomhaíochta freisin ag 50 % agus 100 % de mheán an Aontais.

— **Fachtóir rachmais:** leis an bhfachtóir seo tomhaistear rachmas gach Ballstáit sa tréimhse 2017-2019. Is é an Olltáirgeacht Intíre (OTI) *per capita* a léiríonn rachmas na mBallstát. Sloinntear an táscaire OTI i gCaighdeán Cumhachta Ceannaigh (CCC) ([5]) chun éifeacht na ndifríochtaí sna leibhéil praghsanna ó Bhallstát go chéile a dhíchur. Tá sprioc réasúnta níos airde ag na Ballstáit a bhfuil OTI *per capita* níos airde acu agus *vice versa*. Cuirtear uasteorainn leis an leibhéal uaillmhéine ag 50 % agus 150 % de mheánleibhéal uaillmhéine an Aontais.

— **Fachtóir déine fuinnimh:** leis an bhfachtóir seo tomhaistear cé chomh déine ar fhuinneamh atá Ballstát i gcomparáid le meán an Aontais sa tréimhse 2017-2019. Tá sprioc réasúnta níos airde ag na Ballstáit a bhfuil déine fuinnimh níos airde ná meán an Aontais acu agus *vice versa*. De réir Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791, cuirtear teorainn uasta leis an leibhéal uaillmhéine ag 50 % agus 150 % de mheánleibhéal uaillmhéine an Aontais.

  Is fiú a thabhairt faoi deara nach ngabhtar leis an bhfachtóir déine fuinnimh sin an fhaisnéis chéanna leis an dara méadrach san fhachtóir luathghníomhaíochta. Léiríonn an fachtóir déine fuinnimh meándéine fuinnimh an gheilleagair sa tréimhse 2017-2019 mar ionadú ar an acmhainneacht theicniúil le haghaidh bearta éifeachtúlachta fuinnimh. Ní thomhaistear leis an bhfachtóir cad é an túsphointe nó an chonair i leith luach sin na déine fuinnimh. I gcodarsnacht leis sin, léiríonn an dara méadrach san fhachtóir luathghníomhaíochta an feabhas coibhneasta ar dhéine fuinnimh an gheilleagair i dtréimhse iomlán (2007-2009 go 2017-2019) mar ionadú ar na hiarrachtaí a rinne Ballstát le linn na tréimhse sin.

— **Fachtóir acmhainneachta coigiltis**: leis an bhfachtóir seo tomhaistear acmhainneacht eacnamaíoch na héifeachtúlachta fuinnimh i gcás gach Ballstáit. Déantar an acmhainneacht a ríomh trí thomhaltas fuinnimh gach Ballstáit faoi chás PRIMES MIX 55 % le haghaidh 2030 (sprioc bheartais) a chur i gcomparáid leis an tomhaltas fuinnimh faoi réamh-mheastacháin Chás Tagartha (nuashonraithe) 2020 le haghaidh 2030 (bonnlíne). De bhun Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791, cuirtear teorainn uasta leis an leibhéal uaillmhéine ag 50 % agus 150 % de mheánleibhéal uaillmhéine an Aontais.

([4]) Úsáidtear na sonraí déine fuinnimh chun an luathghníomhaíocht agus na fachtóirí déine fuinnimh araon a ríomh. Sa chéad chás, cuirfear feabhas stairiúil ar an déine fuinnimh i bhfeidhm, i.e., déanfar an meánluach idir dhá thréimhse (2007-2009 agus 2017-2019) a ríomh. Maidir leis an bhfachtóir déine fuinnimh, ní chuirfear ach meán na chéad tréimhse thuasluaite (2017-2019) san áireamh.

([5]) Úsáidtear an t-aonad tomhais, Praghsanna reatha, milliúin de chaighdeáin cumhachta ceannaigh/teorainn uasta (CP_MPPS_AE27_2020) ó Eurostat.

Ríomhtar an fachtóir iomlán i gcás gach Ballstáit mar mheán na gceithre fhachtóir a luaitear i bpointí (1) go (4). Ansin, ríomhtar sprioc an Bhallstáit, mar chéatadán, tríd an bhfachtóir iomlán a iolrú faoi sprioc an Aontais a leagtar síos in Airteagal 4(1) de Threoir (AE) 2023/1791, arb ionann é agus – 11,7 % ar a laghad. Ríomhtar sprioc an Bhallstáit, in Mtoe, trí sprioc an Bhallstáit mar chéatadán a chur i bhfeidhm i leith a bhonnlíne 2030 faoi Chás Tagartha 2020. Mar shampla, cuireann Ballstát an fhoirmle le haghaidh FEC i bhfeidhm agus faigheann sé fachtóir iomlán 85,45 %. Trí iolrú a dhéanamh faoi – 11,7 %, faigheann sé amach gurb é -10 % an sprioc atá aige mar chéatadán. Féachann an Ballstát ar a bhonnlíne FEC 2030 de réir Chás Tagartha 2020 agus cinneann gurb é 10 Mtoe é sin. Úsáideann sé a sprioc mar chéatadán (-10 %) chun a sprioc in Mtoe a ríomh, i.e. 9 Mtoe.

Mar chéim dheiridh, cuirtear fachtóir ceartúcháin i bhfeidhm ar na Ballstáit ar fad chun suim na rannchuidithe náisiúnta uile a chalabrú, in Mtoe, le sprioc 2030 an Aontais, in Mtoe. Luaitear an fachtóir ceartúcháin in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791 agus tugtar tuairisc mhionsonraithe ar a ríomh i bpointe A.2.5 den Iarscríbhinn seo. Iolraítear an fachtóir ceartúcháin faoi gach rannchuidiú náisiúnta aonair chun an rannchuidiú náisiúnta críochnaitheach ceartaithe a thabhairt in Mtoe. Tá gach ceann de na fachtóirí ceartúcháin, ceann amháin le haghaidh na ríomhanna FEC agus ceann amháin le haghaidh na ríomhanna PEC, comhionann i gcás na mBallstát ar fad.

De bhun Airteagal 4(2) de Threoir (AE) 2023/1791 agus rannchuidithe náisiúnta á ríomh ag Ballstát (i gcás FEC agus PEC), tá solúbthacht iomlán aige maidir le conas a dhéanfar sin. In Airteagal 4(3) de Threoir (AE) 2023/1791 liostaítear na ceanglais agus na saintréithe nach mór do Bhallstát a chur san áireamh sa ríomh sin. Tagraíonn pointe (d) den mhír sin do fhachtóirí na foirmle a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791 agus le pointe (e) den mhír sin tugtar gnéithe níos ábhartha ('cúinsí náisiúnta') is féidir leis na Ballstáit a úsáid chun údar a thabhairt le roghnú modheolaíochta ríofa, agus na sonraí a úsáidfidh siad. Ba cheart a lua nach liosta uileghabhálach é an liosta in Airteagal 4(3), pointe (e), de Threoir (AE) 2023/1791. Le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2023/1791 tugtar le tuiscint nach mór do Bhallstát a úsáideann an fhoirmle a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791 na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 4(3), pointí (a) go (e), de Threoir (AE) 2023/1791 a úsáid chun a rannchuidithe náisiúnta a ríomh.

I ngach cás, mhínigh na Ballstáit conas a ríomhadh na rannchuidithe náisiúnta. I gcás nár úsáid Ballstát ach an fhoirmle a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791 agus gur thug sé fógra faoin toradh, ba leor a mhíniú gur úsáid sé an fhoirmle a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791. I ngach cás eile, ní mór tuairisc ar an modheolaíocht ríofa agus ar na sonraí a úsáideadh sa mhodheolaíocht sin a chur san áireamh sa mhíniú sin.

4.2. **Cás Tagartha nuashonraithe 2020**

De bhun Airteagal 4(5) de Threoir (AE) 2023/1791, nuashonraigh an Coimisiún Cás Tagartha 2020 bunaithe ar na sonraí is déanaí ó Eurostat. Na Ballstáit ar mian leo a rannchuidithe náisiúnta a nuashonrú, ós rud é gur cheart fógra a thabhairt maidir leis sin ina ndréacht-PNFA nuashonraithe trí Chás Tagartha nuashonraithe 2020 a úsáid seachas an ceann atá ann faoi láthair, tabharfaidh siad fógra maidir leis an rannchuidiú nuashonraithe sin faoin 1 Feabhra 2024 ar a dhéanaí.

Déanann Cás Tagartha nuashonraithe 2020 difear do ríomh na rannchuidithe náisiúnta i ngach céim a dtugtar tuairisc uirthi thuas agus d'eascair an dara sraith de thorthaí na foirmle as do na Ballstáit uile i gcomparáid leis na cinn a bhí ar fáil dóibh agus a ndréacht-PNFA (nuashonraithe) á ullmhú acu, le haghaidh FEC agus PEC araon:

(a) le Cás Tagartha nuashonraithe 2020 déantar tagairt don fhachtóir acmhainneachta coigiltis, mar go n-úsáidtear an Cás Tagartha chun é a ríomh (féach Roinn 3.2 le haghaidh fhoirmle an fhachtóra acmhainneachta coigiltis). Ní thiocfaidh aon athrú ar na trí fhachtóir eile toisc nach n-úsáideann siad ach sonraí Eurostat;

(b) dá bhrí sin, tá an fachtóir iomlán – arna ríomh mar mheán na gceithre fhachtóir – agus sprioc an Bhallstáit, mar chéatadán, éagsúil le chéile;

(c) thairis sin, déantar difear do rannchuidiú Ballstáit, in Mtoe, ós rud é gur athraíodh bonnlínte FEC agus PEC le haghaidh 2030 de réir an Cháis Tagartha nuashonraithe;

(d) ar deireadh, rinne an Coimisiún na fachtóirí ceartúcháin le haghaidh thorthaí na foirmle a athríomh faoi Chás Tagartha nuashonraithe 2020, rud as ar eascair an dara sraith iomlán de rannchuidithe táscacha FEC agus PEC le haghaidh na mBallstát ar fad.

I gcomhréir le hAirteagal 4(5) de Threoir (AE) 2023/1791, na Ballstáit a chinneann torthaí Chás Tagartha nuashonraithe 2020 a úsáid, ní mór dóibh a áirithiú arís nach bhfuil a rannchuidiú in Mtoe níos mó ná 2,5 % os cionn an mhéid a bheadh ann de thoradh na foirmle a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791 agus Cás Tagartha nuashonraithe 2020 á úsáid.

4.3. **Sásra um bearna uaillmhéine: measúnú ag an gCoimisiún agus amlíne**

Mar chuid den mheasúnú ar an dréacht-NECP nuashonraithe a rinneadh i mí na Nollag 2023, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999, tá measúnú déanta ag an gCoimisiún féachaint an bhfuil an rannchuidiú comhchoiteann comhionann ar a laghad le sprioc cheangailteach an Aontais maidir le tomhaltas fuinnimh deiridh agus cé acu atá nó nach bhfuil an rannchuidiú comhchoiteann comhionann ar a laghad le sprioc tháscach an Aontais maidir le tomhaltas fuinnimh phríomhúil.

Ós rud é nach leor suim na rannchuidithe náisiúnta táscacha um FEC chun sprioc cheangailteach an Aontais a bhaint amach, d'eisigh an Coimisiún moltaí tír-shonracha, i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2018/1999, lena n-áirítear gur cheart rannchuidiú náisiúnta Ballstáit nó Ballstát a mhéadú.

Ceann de na forálacha nua in Airteagal 4 de Threoir (AE) 2023/1791 is ea sásra um bearna uaillmhéine a thabhairt isteach le haghaidh sprioc éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais. Beidh an sásra sin bunaithe ar an measúnú a dhéanfaidh an Coimisiún chun a áirithiú go mbeidh rannchuidiú comhchoiteann na mBallstát comhionann ar a laghad le sprioc cheangailteach an Aontais le haghaidh FEC a leagtar amach in Airteagal 4(1) de Threoir (AE) 2023/1791. Dá bhrí sin, ní chuirfear an sásra um bearna uaillmhéine i bhfeidhm ach amháin mura gcuireann rannchuidithe comhchoiteanna na mBallstát leis an sprioc sin de chuid an Aontais, mar thoradh ar an measúnú ón gCoimisiún ar na dréacht-PNFAnna nuashonraithe.

Is iad na rannchuidithe náisiúnta ar thug na Ballstáit fógra ina leith mar chuid dá ndréacht-PNFA nuashonraithe agus sprioc an Aontais maidir le tomhaltas fuinnimh deiridh (in Mtoe) in Airteagal 4(1) de Threoir (AE) 2023/1791 an túsphointe le haghaidh an tsásra um bhearna uaillmhéine.

Chun críoch an mheasúnaithe ar an mbearna uaillmhéine, agus chun na críche sin amháin, glacfaidh an Coimisiún, bunaithe ar Airteagal 31(2), an tríú fomhír de Rialachán (AE) 2018/1999, leis na rannchuidithe náisiúnta le haghaidh na mBallstát nár chuir isteach rannchuidiú náisiúnta mar chuid dá ndréacht-PNFA nuashonraithe nó go dtí an 1 Feabhra 2024.

Dá bhrí sin, ba é seo a leanas an t-ord chun rannchuidithe na mBallstát a chinneadh:

(a) má thug Ballstát fógra faoi rannchuidiú náisiúnta táscach um FEC mar chuid dá dhréacht-PNFA nuashonraithe, d'úsáid an Coimisiún an rannchuidiú náisiúnta táscach sin (in Mtoe) ina mheasúnú ar dhréacht-PNFAnna nuashonraithe;

(b) más rud é nár thug Ballstát fógra faoi rannchuidiú náisiúnta táscach mar chuid dá dhréacht-PNFA nuashonraithe, ghlac an Coimisiún rannchuidiú náisiúnta táscach um FEC ó PNFA críochnaitheach an Bhallstáit ar tugadh fógra ina leith in 2020 (in Mtoe).

Faoin 1 Márta 2024 ar a dhéanaí, is féidir leis an gCoimisiún rannchuidiú náisiúnta táscach éifeachtúlachta fuinnimh ceartaithe um FEC a chur faoi bhráid gach Ballstáit, agus cás tagartha nuashonraithe 2020 á chur san áireamh, i gcomparáid leis an rannchuidiú a chuir na Ballstáit isteach ina ndréacht-PNFA nuashonraithe nó, ina éagmais sin, leis an rannchuidiú a ghlac an Coimisiún leis sa mheasúnú a rinne sé i mí na Nollag 2023.

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na rannchuidithe náisiúnta ar tugadh fógra ina leith i gcás na mBallstát ar fad ach, i gcomhréir le hAirteagal 4(5) de Threoir (AE) 2023/1781, ní dhéanfaidh sé na rannchuidithe náisiúnta a cheartú ach amháin nuair nach leor suim na rannchuidithe ó na Ballstáit chun sprioc ceangailteach an Aontais a bhaint amach, ní dhéanfar ceartúcháin a chur in iúl do na Ballstáit a bhfuil a rannchuidithe um FEC ar tugadh fógra ina leith (in Mtoe) os cionn an rannchuidithe a eascraíonn as cur i bhfeidhm na foirmle a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791.

Beidh sé de cheangal ar na Ballstáit ansin a rannchuidiú náisiúnta deiridh a áireamh, i bhfianaise an chinn cheartaithe más ábhartha, mar chuid dá PNFA críochnaitheach atá le cur isteach i mí an Mheithimh 2024.

4.4. **An rannchuidiú náisiúnta ceartaithe a ríomh**

Le hAirteagal 4(5) de Threoir (AE) 2023/1791 ceanglaítear ar an gCoimisiún rannchuidiú náisiúnta táscach éifeachtúlachta fuinnimh ceartaithe um FEC a chur faoi bhráid gach Ballstáit ar bhonn trí chritéar:

(a) an laghdú comhchoiteann atá fágtha ar thomhaltas fuinnimh deiridh a bhfuil gá leis chun sprioc cheangailteach an Aontais a leagtar amach in Airteagal 4(1) de Threoir (AE) 2023/1791 a bhaint amach;

(b) déine choibhneasta gás ceaptha teasa in aghaidh an aonaid OTI in 2019 i measc na mBallstát lena mbaineann;

(c) OTI na mBallstát sin in 2019.

Tugann gnéithe Airteagal 4(5) de Threoir (AE) 2023/1791 roinnt táscairí maidir leis an gcaoi ar cheart don Choimisiún sásra um bearna uaillmhéine a cheapadh. Úsáidfidh an Coimisiún foirmle nua chun na rannchuidithe náisiúnta ceartaithe um FEC agus le haghaidh na mBallstát a thagann faoin sásra um bhearna uaillmhéine a ríomh.

4.5. **Sásra um dhúnadh bearna seachadta: Faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus dul i ngleic le dul chun cinn neamhleor**

Le hAirteagal 4(6) de Threoir (AE) 2023/1791 pléitear leis an bhfaireachán ar dhul chun cinn agus ar an ngníomhaíocht bhreise is gá a dhéanamh i gcás ina meastar nach leor dul chun cinn na mBallstát.

De bhun Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2018/1999, ní mór don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit maidir le cuspóirí an Aontais Fuinnimh agus sprioc éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais a bhaint amach, faoin 31 Deireadh Fómhair 2021 agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin.

De bhun fhorálacha nua Airteagal 4(6) de Threoir (AE) 2023/1791, más é conclúid an mheasúnaithe thuasluaite nach ndéanann Ballstát amháin nó níos mó dul chun cinn leordhóthanach i dtreo a rannchuidithe éifeachtúlachta fuinnimh, i.e. FEC a bheith acu os cionn a gconaire táscaí le haghaidh 2030, tá na Ballstáit le bearta breise a chur chun feidhme chun dul ar ais ar an mbóthar ceart. Ba cheart na bearta breise sin agus an coigilteas fuinnimh a bhfuil coinne leis a áireamh ina dtuarascáil chomhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1999, a chuirtear isteach gach dara bliain (2025, 2027, 2029...).

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ansin maidir le cé acu a mheasann nó nach measann sé gur leor na bearta sin chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais a bhaint amach. Murab amhlaidh an cás, féadfaidh an Coimisiún, de réir mar is iomchuí, bearta a mholadh agus a chumhacht a fheidhmiú ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go mbainfear amach spriocanna 2030 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.

Tá sé tábhachtach a chur i bhfios go láidir, de bhun Airteagal 4(6) de Threoir (AE) 2023/1791, go n-áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear bearta breise chun feidhme laistigh de bhliain amháin ón dáta a fuarthas measúnú an Choimisiúin chun filleadh ar an mbóthar ceart chun a rannchuidithe éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach

I dTreoir (AE) 2023/1791 liostaítear ceithre chineál gníomhaíochta is féidir a dhéanamh chun dul i ngleic le dul chun cinn neamhleor:

(1) **bearta náisiúnta lena ndéanfar coigilteas breise fuinnimh, lena n-áirítear cúnamh forbartha tionscadail níos láidre chun bearta infheistíochta éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme.**

D'fhéadfadh na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar na beartais agus na bearta atá i bhfeidhm cheana agus meastóireacht a dhéanamh ar a n-éifeachtacht. I gcás bacainní cur chun feidhme, d'fhéadfadh sé gurbh é an chéad chéim na bacainní sin a bhaint, ionas go mbeidh níos mó coigiltis ann de bharr na mbeart a cuireadh chun feidhme. D'fhéadfadh sé gurbh é an dara céim a d'fhéadfadh a bheith ann, dá mbeadh sé sin indéanta, coinníollacha na mbeartas agus na mbeart a dhéanamh níos déine, rud a mhéadódh an coigilteas fuinnimh a bhfuil coinne leis.

An tríú rogha a bheadh ann beartais agus bearta nua a chur chun feidhme lena soláthrófaí coigilteas breise. Tá inspioráid do bheartais agus bearta breise nua nasctha le hairteagail eile na Treorach seo, agus lena moltaí. Thairis sin, áirítear samplaí de bheartais agus de bhearta éifeachtúlachta fuinnimh a chuirtear chun feidhme sna Ballstáit i mbunachar sonraí MURE ([6]).

